



## Bailte agus Cathracha, Ag Éirí Níos Glaise





Agus í saibhir ó thaobh cultúir de, tá Cathair na Gaillimhe tiomanta don timpeallacht agus d'fhorbairt inbhuanaithe

## Teachtaireacht ó Chathair na Gaillimhe

Cathair bhríomhar ilchineálach agus príomhchathair réigiúnach Iarthar na hÉireann is ea Gaillimh. Cathair foghlama, cathair na hóige, cathair oidhreacht cultúrtha saibhre agus cathair ina bhfuil timpeallacht nádúrtha rí-álainn is ea í freisin. Tá Gaillimh ina cathair ghlas freisin, atá tiomanta don timpeallacht agus d'fhorbairt inbhuanaithe. Is mór againn gur bronnadh an dámhachtain mar European Green Leaf orainn don bhliain 2017, agus sinn ar an gcéad chathair in Éirinn a bhain an t-ainmniú sin amach.

Ní hé amháin go gceiliúrtar ár n-éachtaí timpeallachta leis an Dámhachtain European Green Leaf, ach leagtar dúshlán léi freisin ar ár gcathair feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán beatha ár saoránach agus ár dtionchar ar an timpeallacht dhomhanda a laghdú.

Imríonn bailte agus cathracha ról tábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanann siad dífeair suntasach don mhórhthimpeallacht freisin. Táimid ag tnúth le dul i bhfeidhm ar bhailte agus ar chathracha fud fad na hEorpa, le scéalta a chomhroinnt leo agus le foghlaim ó eispéiris áiteanna eile.



Agus í ina cathair mhuíri, tá ceithre thrá ag Gaillimh a bhfuil a n-aghaidh ar an Aigéan Atlantach



Tá páirceanna móra mar shaintréith ag an gcathair

Le linn na bliana 2017, díreoidimid ar nuálaíocht agus ar an mbreisluch is féidir a bhaint amach trí chomhar. Maidir leis na teidil eile atá bronnta ar Ghaillimh, lena n-áirítear Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018 agus Cathair Scannánaíochta UNESCO, iniúchfar iad ar mhaithe le naisc a chruthú idir an timpeallacht agus cultúr, bia, sláinte, folláine agus an geilleagar.

Beidh ról tábhachtach ag rannpháirtíocht saoránach sa bhliain ina mbeidh Gaillimh ag gníomhú mar European Green Leaf. Tá an rannpháirtíocht sin ar cheann amháin de na príomhthosca taobh thiar de rath na Gaillimhe freisin. D'eagraigh muintir na Gaillimhe gníomhaíochtaí glantacháin pobail, gníomhaíochtaí athchúrsála, imeachtaí oideachais, laethanta cuir agus cuid mhór nithe eile, agus

thacaigh siad leo ar fad. Molaimid do gach duine páirt a ghlacadh in European Green Leaf sa bhliain 2017 agus dul in éineacht linn ar an aistear corraitheach seo.

Is é atá i gceist le European Green Leaf 2017 láidreachtaí a chomhcheangal, caidreamh a chothú agus acmhainn a fhorbairt. Is é atá i gceist leis freisin éirí níos glaise le chéile.

### **Brendan McGrath**

Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach na Gaillimhe

### **Noel Larkin**

Méara Chathair na Gaillimhe

### **Ar Deiseal, ó Chlé go Deas**

©Galway City Council

©Alexey Zarodov

©Alexey Zarodov

©Colin Stanley



Seolfar Plean Gnóimhaíochta  
Bithéagsúlachta sa bhliain 2017



Agus í saibhir ó thaobh staire de, tá cuid mhór  
iarsmaí ón ré mheánaoiseach ag Gaillimh fós

# Sracfhéachaint ar Chathair na Gaillimhe

Tá Cathair na Gaillimhe lonnaithe in iarthar na hÉireann, ar bhruach Chuan na Gaillimhe agus os comhair an Aigéin Atlantaigh. Is thart timpeall na cathrach atá tírdhreach galánta Chonamara agus Loch Coirib, ar suíomh gleoite é. Ritheann Abhainn na Gaillimhe, arbh as a grinneall clochach a tháinig ainm na cathrach (Gaill Aimh), tríd an lár agus tá sí fite fuaite le canálacha agus le taraenna a bunaíodh le linn ré thráchtála na gcéadta roimhe seo.

## Cathair atá óg agus ag fás

Bhí 79,504 duine ina gcónaí sa chathair sa bhliain 2016, méadú 5.3% ón mbliain 2012. Tá an daonra daoine idir 20 agus 24 bliain d'aois i gCathair na Gaillimhe níos mó ná dhá uair chomh mór leis an meándaonra náisiúnta.

## Cathair ilchineálach

Tá Cathair na Gaillimhe ar an láthair is ilchultúrtha in Éirinn, áit ar rugadh 25% dá saoránaigh lasmuigh in Éirinn. Tá sí ar an aon chathair dhátheangach amháin in Éirinn freisin, agus Gaeilge ag 44% den daonra.

## Cathair ealaíon agus chultúir

Tá na healaíona agus cultúr faoi lán seoil i gCathair na Gaillimhe agus gníomhóidh sí mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa sa bhliain 2020.

## Cathair stairiúil

Bhí an chathair ina sráidbhaile beag iascaireachta sa Mheánaois agus tá cuid mhór iarsmaí ón ré sin aici fós, lena n-áirítear sráideanna duirleogacha, lánáí, bealaí áirseacha faoi cheilt agus seanbhallaí meánaoiseacha..

# Éachtaí na Gaillimhe

- European Green Leaf 2017
- Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018
- Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020
- Cathair Scannánaíochta UNESCO
- Ball de Lónra Cathracha Cruthaitheacha UNESCO
- Treoirchathair Eorpach do Thionscadal Chultúr 21: Gníomhartha atá á reáchtáil ag UCLG agus ag Culture Action Europe
- Cathair Shláintiúil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte
- An Mhicrea-Chathair is fearr san Eoraip ó thaobh acmhainneacht eacnamaíoch agus cairdiúlacht gnó de - Iris fDi, 2016
- “An Chathair is Cairdiúla ar Domhan” - an iris Travel and Leisure, na Stáit Aontaithe, 2015
- Dámhachtain Bhaile Breá na Blíana 2013 - Acadamh an Uirbithe, an Ríocht Aontaithe
- Stádas Brataí Corcra mar aitheantas dá geilleagar sábháilte beoga oíche

## Gaillimh, cathair ghlas

Aithnítear Gaillimh mar chathair atá neamhdhíobháilach don timpeallacht, mar chathair ag a bhfuil sárthaifead ardchaighdeán timpeallachta agus mar chathair atá tiomanta d’fhás glas agus d’fhorbairt inbhuanaithe.

### Spásanna glasa agus gorma

Tá raon éagsúil acmhainní nádúrtha ann i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear imeallbhord a chumhaíonn 12 km agus coillearnach, abhainn, loch agus córas canála ina bhfuil níos mó ná 150 heicteár. Tá ceithre thrá ann, a bhfuil dhá cheann díobh ainmnithe mar thránna Brataí Goirme, mar aon le páirceanna cathrach móra, lena n-áirítear Coill Bhearna, Coill Pháirc Mhuirlinne agus Páirc Foraíse Thír Oileáin. Tá an cúigiú cuid den achar talún iomlán ainmnithe mar ghnáthóga cosanta, mar spásanna oscailte áineasa agus mar thalamh talmhaíochta.

### Bithéagsúlacht uirbeach

Tá 58 gnáthóg dhifriúil ann i gCathair na Gaillimhe. Meastar go bhfuil 22 ceann díobh annamh ar bhonn náisiúnta nó idirnáisiúnta agus baineann ardluach éiceolaíochta nó bithéagsúlachta leo. Tá cáil idirnáisiúnta ar chodanna de Chuan na

Gaillimhe agus de Loch Coirib as an raidhse beathra éan atá le fáil iontu. Seolfar Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta sa bhliain 2017 chun creat a sholáthar le haghaidh bithéagsúlachta a chosaint, a bhainistiú agus a mhéadú sa chathair.

### Cleachtais fhorásacha bainistíochta dramhaíola

Sa bhliain 2001, bhí Cathair na Gaillimhe ar an gcéad bhargasacht in Éirinn inar tugadh córas bailithe dramhaíola scartha isteach. Sa bhliain 2007, bhí sí ar an gcéad áit sa tír inar tugadh córas bailithe ‘íoc de réir meáchain’ isteach. D’éirigh léi laghdú foriomlán a dhéanamh ar an méid dramhaíola a gineadh agus athchúrsáil a mhéadú faoi níos mó ná

Ar Deiseal, ó Chlé go Deas  
©Colin Stanley  
©Galway City Council



Chuir saoránaigh na Gaillimhe breis agus 90,000 crann i bPáirc Foraoise Thír Oileáin trí imeachtaí pobalstiúrtha 'Plant-athon'



Sa bhliain 2017, leathnófar an scéim rothar poiblí chuig tuilleadh ceantar sa chathair

70% dá bharr sin. Díreofar ar dhramhaíl a úsáid mar acmhainn sa bhliain 2017, agus béim láidir á cur ar dhramhaíl a chosc agus a athúsáid.

### Iompar agus Soghluasteacht

Le Straitéis Iompair na Gaillimhe 2016–2036, tugtar aghaidh ar riachtanais iompair reatha agus ar riachtanais iompair amach anseo; cothaítear aistriú i dtreo taisteal níos inbhuanaithe; laghdaítear an spleáchas ar charranna príobháideacha; cuirtear feabhas ar cháilíocht an aeir; agus déantar gníomh chun Gaillimh a dhéanamh níos inrochtana agus níos nasctha.

### Forbairt Cathrach Inbhuanaithe

Is é an aidhm atá le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023 an chathair a neartú in aghaidh an athraithe aeráide, tacú le geilleagar íséalcharbóin agus timpeallacht agus bonneagar na cathrach a chosaint agus a fheabhsú, agus forbairt inbhuanaithe á héascú ag an am céanna.

### Oideachas agus Feasacht Timpeallachta

Tá clár an-ghníomhach um oideachas agus feasacht timpeallachta ag Cathair na Gaillimhe. Oibríonn an t-údarás áitiúil leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar chlár a bhaineann le héifeachtúlacht acmhainne do ghnólightaí, d'fhéilte, do theaghaigh agus do phobail. Glacann 100% de scoileanna i gCathair na Gaillimhe páirt i dtionscnaimh thimpeallachta, lena n-áirítear clár na Scoileanna Glasa An Taisce.

### Rannpháirtíocht an phobail

Is iad muintir na Gaillimhe an tsócmhainn is luachmhaire atá ag an gcathair. Is gné lárnach iad d'fhéiniúlacht na cathrach freisin. Tá saoránaigh na cathrach oscailte agus cairdiúil agus tá siad an-bhródúil as a gcathair. Tá cónaitheoirí na Gaillimhe aireach faoin timpeallacht; tá siad tiomanta don timpeallacht; agus tá sártheist orthu maidir le hathchúrsáil agus le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh pobail ghlais.



Tá seachtain na rothar ar cheann den tomad tionscadail a reáchtáiltear i gCathair na Gaillimhe chun roghanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn

# Na nithe atá ar bun ag Cathair na Gaillimhe le haghaidh European Green Leaf 2017

Díreofar ar na réimsí topaice seo a leanas de chuid European Green Leaf sna himeachtaí, sna tionscadail agus sna feachtais feasachta a bheidh ar siúl sa bhliain 2017: An tAthru Aeráide agus Feidhmíocht Fuinnimh; Soghluaisteacht, an Bhithéagsúlacht agus Úsáid Talún; Cáilíocht an Aeir agus na Timpeallachta Fuaime; Bainistíocht Dramhaíola agus an Geilleagar Glas; agus Bainistíocht Uisce agus Fuíolluisce

## An Timpeallacht agus Cultúr

Oibreoidh European Green Leaf i ndlúthchomhar leis an bhfoireann atá freagrach as Gaillimh - Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 chun na naisc idir an timpeallacht agus cultúr a phlé. Ar na tionscadail shonracha tá Cultúr 21: Gníomhartha, tionscadail Eorpach ar leith lena nasctar cultúr le príonsabail Chlár Oibre 21 agus tionscnamh 'Green Your Festival', mar aon leis an dea-chleachtas timpeallachta a chur chun cinn le haghaidh féilte agus imeachtaí.

## An Timpeallacht agus Sláinte

Leagfar béim i dtionscadail le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus le Tionscnamh na gCathracha Sláintiúla, Gaillimh, ar na naisc láidre atá ann idir an timpeallacht, sláinte agus folláine. Beifear ag leagan béim ar leith ar spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

## An Timpeallacht agus Bia

Eochairthosaíocht is ea bia inbhuanaithe. Tá baint aige le hainmníú Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa, rud a bronnadh ar Ghailimh agus Iarthar na hÉireann don bhliain 2018. Reáchtálfar sraith tionscadail i réimse an bhia inbhuanaithe, lena n-áirítear garraíthe pobail agus dramhaíl bhia.

## An Timpeallacht agus an Geilleagar

Déanfaidh Cathair na Gaillimhe an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach glas a chur chun cinn d'fhonn cur le fostaíocht. Cuirfear freisin sa bhliain 2017 le luach ár n-acmhainní nádúrtha, ár n-earnáil mhuirí san áireamh, maidir le forbairt gheilleagrach áitiúil a bhrú chun cinn.

Ar Deiseal, ó Chlé go Deas

©Colin Stanley

©Galway City Council

©Galway City Council

# European Green Leaf Winners

## Buaiteoirí European Green Leaf

- Galway 2017 / Gaillimh 2017
- Torres Vedras 2015/2016
- Mollet del Vallès 2015/2016







## European Green Leaf

The European Green Leaf is a competition aimed at cities and towns across Europe, with between 20,000 and 100,000 inhabitants. It is the partner competition of the European Green Capital Award for cities over 100,000 inhabitants. The Irish city of Galway is European Green Leaf 2017. The Spanish city of Mollet del Vallès and the Portuguese city of Torres Vedras were the winners of the inaugural European Green Leaf 2015/2016. The European competition recognises a city's commitment to better environmental outcomes. The scheme has a particular focus on efforts that generate green growth and new jobs.

The European Green Leaf and European Green Capital Awards are initiatives of the European Commission. To find more information about green cities, how to apply for the awards, how the winners are selected, and for any other questions, please visit our website below.



Publications Office

## European Green Leaf

Is é is European Green Leaf ann ná comórtas atá dírithe ar chathracha agus ar bhailte ar fud na hEorpa ina gcónaíonn idir 20,000 duine agus 100,000 duine. Tá sé ar an gcomórtas comhpháirtíochta do Dhuais Phríomhchathair Ghlas na hEorpa do chathracha ina gcónaíonn níos mó ná 100,000 duine. Is é Gaillimh, cathair Éireannach, European Green Leaf 2017. Buaiteoirí an chéad chomórtais do European Green Leaf 2015/2016 iad Mollet del Vallès, cathair Spáinneach, agus Torres Vedras, cathair Phortaingéalach. Tugtar aitheantas sa chomórtas Eorpach don tiomantas atá ag cathair ar leith do thorthaí timpeallachta níos fearr a bhaint amach. Díritear go sonrath sa scéim ar iarrachtaí lena ngintear fás glas agus poist nua.

Tionscnaimh de chuid an Choimisiúin Eorpach iad European Green Leaf agus Duais Phríomhchathair Ghlas na hEorpa. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chathracha glasa, faoin dóigh ar féidir iarratas a dhéanamh ar na duaiseanna agus faoin dóigh a roghnaítear na buaiteoirí nó chun freagra a fháil ar aon cheisteanna eile, téigh chuig ár suíomh gréasáin thíos.

[ec.europa.eu/environment/europeangreenleaf](http://ec.europa.eu/environment/europeangreenleaf)

ISBN 978-92-79-64006-3  
doi 10.2779/862713